

COLÁISTE NAOMH FEICHÍN, CORR NA MÓNA

Polasaí um Chúram Tréadach

Scóip: Pobal iomlán an Choláiste.

Sainmhíniú

Déanann an *Irish Association of Pastoral Care in Education (IAPCE)* sainmhíniú ar Chúram Tréadach mar bhealach oideachasúil a chuireann luach ar fhorbairt an duine óg ag gach leibhéal. Tugtar le tuiscint gurb é sin aire a thabhairt do na gaoil ar fad idir na páirtneírí i bpobal an Choláiste. Clúdaíonn sé an fheidhmiúcháin de pholasaí an Choláiste ar fad, na próiseas agus na cláir i bhforbairt na struchtúir iomchuí, róil agus acmhainní chun tacaíocht a thabhairt do forbairt an duine óg.

Ceangal le Misiún an Choláiste

Tá ceangal bunúsach ag an bPolasaí um Chúram Tréadach an Choláiste le misin an Choláiste ina ndéantar “gach dícheall timpeallacht shlán shábháilte a chruthú ina ndéantar oideachas a sholáthar ag díriú ar fhorbairt acadúil sóisialta agus cultúrtha na scoláirí.”

Smaointeoireacht

I gColáiste Naomh Feichín, baineann buntomhas Chúraim Thréadach le pobal uilig an Choláiste agus cuidíonn sé le h-atmaisféar cabhrach, spreagúil agus dearfach a chruthú do gach éinne.

Aidhmeanna agus cuspóir

1. Atmaisféar áirdeallach a chruthú ionas go mothóidh gach ball de phobal an Choláiste go bhfuil siad fiúntach, tábhachtach agus go bhfuil meas orthu.
2. Cur ar chumas scoláirí forbairt agus foghlaim go h-éifeachtach i dtimpeallacht shábháilte agus áirdeallach agus a bheith san áirdeall ionas go dtabharfar faoi deara aon fhadhb bhunúsach a bheadh ag scoláire agus tacaíocht agus cúnaimh fheiliúnach a thairiscint.
3. Structúir Chúraim Thréadach a thairiscint a chuirfeadh ar chumas na scoláirí cúnaimh, tacaíocht, comhairle agus spreagadh a fháil.
4. Nascadh láidir leis an mbaile agus tacaíocht do thuismitheoirí/caomhnoirí a chruthú agus a dhearbhu.
5. Tacaíocht a thabhairt do dhaltaí trí chláir faoi leith ag amanna chruacháis, mar shampla, bás.
6. Tuismitheoirí/caomhnoirí a spreagadh chun oibriú leis an scoil ar son leasa na scoláirí agus ionadaí ón gColáiste a chur ar an eolas i dtaobh deacrachtaí ar bith a bheadh ag cur isteach ar shaol an scoláire.
7. Foireann an Choláiste a chur ar an eolas faoi scoláirí le deacrachtaí ar leith le go dtabharfaí aire speisialta dóibh.

Cur i bhfeidhm an Pholasaí

Ionduchtú Scoláirí

- Oíche Eolais do thuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí Rang 6 sa gColáiste i Feabhra/Márta gach bliain. Buailfidh na scoláirí leis an bPríomhoide agus leis an bhfoireann teagaisc.
- Lá Aclaíochta in Aibreán/Bealtaine do scoláirí cláraithe, le go gcuirfidh siad aithne níos fearr ar a chéile roimh tosaigh i mBliain 1.
- Lá ionduchtú faoi leith do scoláirí Bhliain 1 ag deire Lúnasa. Cuireann siad aithne ar na múinteoirí uilig, clár ama, rialacha scoile agus foirgneamh an Choláiste, &rl.

Forbairt an Scoláire

- ◆ Tá an-tábhacht ag baint le féin-mhuinín agus féin-mheas, é sin san áireamh, spreagfar na scoláirí le páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile chun oideachas iomlán a fháil.
- ◆ Beidh turais oideachais mar ghníomhaíocht rialta de shaol na scoile. Eagrófar turas páirce, turais chuig ionaid oibre agus turais lae eile chuig ionaid éagsúla do scoláirí sóisir agus sinsir.
- ◆ Déanfar athbhreithniú rialta agus athrú mar is gá ar Churaclam an Choláiste agus déanfar chuile iarracht freastal ar éileamh ár scoláirí má tá na h-acmhainní cuí ar fáil. Nuair a cuirfear rogha ábhar ar fáil tabharfar comhairle do scoláirí, i gcomhair lena dtuismitheoirí agus múinteoirí, díriú ar ábhair a oireann dá gcumas.
- ◆ Beidh deis ag scoláirí an Clár Nasc Modúil a dhéanamh, áit a bhféigfidh siad taithí oibre agus fiontraíochta, chomh maith scileanna méarchláir/ríomhaireachta.
- ◆ Spreagfar scoláirí chun casaoid a dhéanamh faoi aon eachtra mhaistíneachta nó ciapadh agus pléifear aon chasaoid go discréideach agus go leochaileach. Beidh scoláirí agus tuismitheoirí eolach ar Pholasáí Frith-Mhaistíneachta an Choláiste.
- ◆ Spreagfar scoláirí chun breathnú amach dá chéile. Ní ghlacfar le foréigean/íde-béil sa gColáiste. Tacóidh an dearcadh seo le timpeallacht dearfach a chabhróidh le sláinte na scoláirí agus an fhoireann scoile.
- ◆ Tabharfar aitheantas do iarrachtaí, éachtaí, agus obair chun leasa an Choláiste nuair a bheidh Gradaim an Choláiste á bhronnadh go bliantúil.
- ◆ Gríosófar scoláirí chun a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí tánaisteacha scoile.
- ◆ Gríosófar scoláirí chun páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla le airgead a bhailiú ar son eagraíochtaí carthanachta agus do thaighde leighis.
- ◆ Ceiliúrfar Aifreann do phobal an Choláiste ag tús na scoil-bhliana, Céadaoin na Luathre agus ag Grádú na hÁrdteistiméireachta.
- ◆ Eagrófar Seirbhís Aithrí ar a laghad uair amháin sa mbliain.
- ◆ Eagrófar Cúrsaí Spioradálta go rialta – rachaidh na scoláirí chuig Ionad ar leith nó tiocfaidh Foireann chuig an gColáiste chucu.

Forbairt Fóirne

- Eagrófar laethanta Forbartha Fóirne ó am go h-am don fhoireann uilig.

Gairmtreoir agus Comhairleoireacht

- Ag braith ar acmhainní an Choláiste, beidh tacaíocht agus comhairle ar fáil do scoláirí a mbeidh tacaíocht de dhíth orthu. Cuirfear an Príomhoide ar an eolas agus nuair is gá cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí scoláirí atá i mbaol ar an eolas faoi eagraíochtaí cabhrach ón taobh amuigh. Cuirfear múinteoirí san áirdeall nuair is gá faoina leithéid de scoláirí chomh fada agus is féidir leis an gColáiste sin a dhéanadh.
- Muna bhfuil tacaíocht feiliúnach ar fáil sa gColáiste do ghasúr ar bith le fadhb, molfar dá thuismitheoirí cúnaimh a fháil taobh amuigh den Coláiste.
- Déanfaidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DLP = Príomhoide) dealáil le tuairiscí ar dhroch-íde, agus cuirfear an t-údarás/na h-údaráis oiriúnach ar an eolas, más gá.

Cainteoirí Seachtracha

Beidh cainteoirí ar réimse leathan d'ábhair ag an scoil ó am go am, m.sh. scileanna staidéir, sábháilteacht bóthar, galrú gnéas-tarcurtha, mí-úsáid drugaí agus alcóil, sláinte dearfach intinne, &rl. Pléifidh an Príomhoide agus na Múinteoirí cuí an cur-i-láthair atá le déanamh leis an gcainteoir roimh-ré agus beidh i láthair nuair atá an chaint á dhéanamh leis na scoláirí, más féidir.

Riachtanais Speisialta

Cuirfear ranganna breise ar fáil do scoláirí a bhfuil fadhbanna faoi leith acu as acmhainní atá ar fáil sa gColáiste.

Comhairle na nDaltaí agus Comhairle na dTuismitheoirí

- ◆ Beidh Comhairle na dTuismitheoirí agus Comhairle na nDaltaí sa gColáiste a chabhróidh le plé agus réiteach a fháil ar nithe a dhéanann inní do thuismitheoirí agus scoláirí.
- ◆ Eagrófar Oícheanta Eolais do Thuismitheoirí faoi nithe a bhfuil spéis acu iontu, m.sh. scileanna staidéir, drugaí, maistíneacht, leas an scoláire, &rl.

Polasaithe Ábhartha Eile

- ◆ Polasaí um Chosaint Leanaí
- ◆ Polasaí Usáid Drugaí
- ◆ Polasaí Frith-Mhaistínteacht
- ◆ Polasaí Eachtra Chriticiúil
- ◆ Polasaí Sláinte agus Sábháilteacht
- ◆ Polasaí Cód Iompair
- ◆ Plean Comhairleoireachta
- ◆ Ráiteas O.S.P.S.
- ◆ Polasaí R.S.E.

Róil agus Freagrachtaí

1. Tá freagracht Cúram Tréadach an Choláiste ar Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin agus ar an mBord Bainistíochta.
2. Tá baint ag gach ball de fhoireann an Choláiste leis an gCúram Tréadach.
3. Tá freagracht Polasaí Cúram Tréadach ar an bhFoireann Cúram Tréadach.

Céimeanna Monatóireachta

- Beidh Cúram Tréadach ar chlár gach cruinniú fóirne agus déanfar plé le baill na foirne ar fad.
- Tabharfar ceistneoir meastóireachta ar Chúram Thréadach do ranganna más feiliúnach.
- Tabharfaidh Príomhoide aiseolas ar Chúram Tréadach do fhoireann teagaisc.

Aithbheithniú

Beidh aithbheithniú an pholasaí seo le déanamh gach trí bliana nó níos luaithe más gá.

Foireann Cúram Tréadach

Eibhlín Uí Mhainín, Comhordaitheoir

Máire Nic a'Mháistir, Comhairleoir

Gearóidín Ní Chonghaile, Príomhoide